Ealaíona na Gaeltachta

Nollaig 2008

Eisithe ag Ealaín na Gaeltachta Teo,
Údarás na Gaeltachta, Na Forbacha, Co. na Gaillimhe.
(091) 503 100 ealain@udaras.ie

ealaín
EALAÍN NA GAELTACHTA TEORANTA

Súil siar ar ócáid Cheiliúradh Deich mBliana d'Ealaín na Gaeltachta Teo., an chomhpháirtíocht rathúil idir Údarás na Gaeltachta agus an Chomhairle Ealaíon, Mí Meán Fómhair seo caite, ar tháinig lucht na n-ealaíon le chéile aige le blaiseadh a fháil ar an saibhreas ealaíon atá á chleachtadh sna ceantair Ghaeltachta le deich mbliana anuas, chun smaointe a mhalartú agus píosa spraoi a bheith acu.

"Bhaineas an-tairbhe agus misneach as an idirmhalartú smaointe, agus as an deis ceisteanna ábharacha a phlé le mo chomhghleac-aithe. Bheadh sé tábhachtach é seo a dhéanamh níos minice"

– Bríd Cranitch, Ionad Cultúrtha Bhaile Bhuirne.



"Bhí an réimse d'ealaíona na Gaeltachta dochreidhte agus bhí sé iontach iad ar fad a fheiceáil in aon áit amháin, ba cheart níos mó imeachtaí ealaíonta Gaeltachta a bheadh ann níos minice. Tugann sé deis mhaith do na heagrais casadh le chéile agus topaicí a phlé."

- Darach Ó Tuairisg, Fíbín Teo.

"Bhuail na Fomhóraigh, an feairín beag, Patrick Conroy, i dteannta Ghugalaí Gug, le hamhrán-aithe sean-nóis Mhúscraí agus Ghaoth Dobhair, fara cumadóir óg agus spideog ó Chorca Dhuibhne, le veidhleadóir ón bpríomh-chathair, ar Chosán Glas Conallach faoi ghealach ghorm Chonamara le linn Cheiliúradh Deich mBliana d'Ealaín na Gaeltachta.Cuir leis sin dáil draíodóirí na healaíne os na ceithre harda, cluain Chnoc Suain móide aoibhneas Altan; idir so, súd is eile,chaith an chuileachta go léir seal faoi dhraíocht i lios na cruthaíochta."

– Bríd Ní Mhóráin

Blaiseadh d'óráid Dharach Uí Scolaí, ag Comhdháil an Cheiliúrtha dar teideal 'An Todhchaí agus na Dushláin atá amach romhainn', inar labhair sé ar a thaithí féin mar ealaíontóir, agus an tionchar a d'imir Ealaín na Gaeltachta ar a chuid oibre:

"Ocht mbliana déag ó shin, nuair a rinne mé mo chéad taispeántas ealaíne in Éirinn, ba é Pádraig Ó hAoláin a d'oscail an taispeántas dom. Bhí sé ina fheidhmeannach cultúir san Údarás ag an am. Ní raibh ionamsa ach ealaíontóir bocht, mo thóin amach trí pholl mo bhríste agam, agus mé ag péinteáil liom ar mo chonlán féin.

Ní raibh aon chabhair stáit agam, cé is moite den dól. Agus cé go ndearna mé cúpla iarratas ar dheontas ón gComhairle Ealaíon, ní raibh aon mhuinín agam as an gComhairle, ná aon súil agam le hairgead uathu. Chuaigh mé i muinín Údarás na Gaeltachta, agus chabhraigh siad go fial liom an taispeántas a dhéanamh.

Maidir leis an gComhairle Ealaíon, bhraitheas ar mo chomhealaíontóirí — is é sin an dream bocht ealaíontóirí a mbínnse ag crochadh thart orthu — nach raibh aon iontaobh acu as an gComhairle. Bhí an tuairim láidir ann go raibh an Chomhairle, mar a bhí an establishment fré chéile, frith-Ghaelach. Deineadh ionannú idir aon cheo a bhain leis an nGaeilge agus náisiúnachas seanfhaiseanta. Sin nó barbarthacht aineolach as poll dorcha éicint in Iarthar Tíre.

Go deimhin, taobh amuigh den aitheantas a thug an státchóras do litríocht na Gaeilge, b'fhacthas dom nár tugadh aon aitheantas d'aon ealaín eile de bhunús Gaeltachta ná Gaeilge. B'ionann sin is a rá, fad is a bhain sé leis an gComhairle Ealaíon, nárbh ann do cheol nua, do dhamhsa, d'fhís-ealaín, do smaointeachas ná do dhrámaíocht ag eascairt as an eispéaras nó as an gcultúr Gaelach. Rud a rinne muga-magadh d'aon aitheantas a tugadh don litríocht Ghaeilge. Gan cultúr Gaeilge níl i litríocht Ghaeilge ach litríocht na hÉireann (nó litríocht an Bhéarla) scríofa le sínte fada agus 'h'eannaí.

Darach Ó Scolaí

Go praiticiúil, dá mba mhian le healaíontóir tabhairt faoi dhráma a scríobh, cé leis a labhródh sé sa gComhairle Ealaíon? Dá ndéanfadh sé iarratas ar chabhair ón gComhairle ní móide go n-áireofaí an t-iarratas faoin teideal 'Irish language literature', mar sin bheadh air aghaidh a thabhairt ar an rannóg 'Drama'



nó ‘Theatre’. Agus cé go ndéarfaí leat ag an am go mbeadh an-fháilte roimh iarratas i nGaeilge thuig tú i do chroí beag istigh nach amhlaidh a bhí.

Agus bí ag caint ar imeallú! Is fada caint ar an nGaeltacht mar áit a bhí imeallach, nó b’fhéidir ‘imeallaithe’, go heacnamaíoch, go sóisialta, agus ó thaobh na healaíne dhe. Le bunú Údarás na Gaeltachta tugadh faoin imeallú eacnamaíoch a leigheas. Bunaíodh Raidió na Gaeltachta, agus ansin TG4, rud a mhaolaigh go mór ar an imeallú sóisialta.

Ach bhí muid fós fanta ar imeall na healaíne — go dtí 1998, nuair a tháinig Ealaín na Gaeltachta ar an bhfód. Go hachomair, ’séard a bhí ansin dúinn, buiséad ealaíne a bhí á reáchtáil ag ár muintir fhéin. Bhraith muid agus muid ag plé leis an dream nua seo, den chéad uair riamh, nach mbeadh orainn muid fhéin a mhíniú. Cinnte de, bhí ort do shaothar nó do thionscnamh a chur i láthair, agus argóint a dhéanamh ar a shon, ach ní raibh ort é a chur i dtéarmaí a bhraith tú a d’fheilfeadh do establishment éicint eile. Mar thoradh air seo tá fuascailt fhuinniúil déanta ar ár n-ealaín i dtréimhse cúpla bliain. Go deimhin, is beag am atá agamsa le péinteáil faoi láthair, tá mé ag scríobh drámaí, á léiriú is á stiúrú. Tá mé ag obair le haisteoirí, tá mé ag obair le damhsóirí, agus le ceoltóirí.

Mar dhrámadóir, is iad Ealaín na Gaeltachta a thug an chabhair airgid dom mo chéad dhráma a scríobh, ‘Coinneáil Orainn’. Ba lena dtacaíocht freisin a scríobh mé agus a léirigh mé ‘An Braon Aníos’ agus an dráma nua atá ar camchuairt faoi láthair againn, ‘Craos’. Agus ba lena dtacaíocht a tugadh mé féin agus Ríonach Ní Néill agus Morgan Cooke le chéile ag obair ar an dráma damhsa ‘A+E’.

I 2004 bhunaigh mé féin agus Val Ballance comhdháil ealaíne in Inis Oírr, Ealaín ar Oileán – arís le tacaíocht na heagraíochta seo. Comhdháil í a thugann ealaíontóirí le chéile ó gach réimse den ealaín. Scríbhneoirí, péintéirí, cumadóirí ceoil, dealbhadóirí, damhsóirí agus filí. Fíorú atá sna cúig bliana seo caite d’Ealaín ar Oileán ar an bhfís atá agamsa d’Ealaín na Gaeltachta.

Ach is furasta a bheith ag cnáimhseáil faoin am sula raibh Ealaín na Gaeltachta ann. Agus is furasta a bheith anuas ar an gComhairle Ealaíon. Ní chuige sin atá mise anseo. Cuimhnímis gur chuid den Chomhairle Ealaíon freisin í Ealaín na Gaeltachta, agus tá an Chomhairle Ealaíon le moladh go hard as an gcéim mhór sin chun cinn.

Agus, dár ndóigh, is cuid den Údarás freisin Ealaín na Gaeltachta. Údarás atá anois faoi phríomh-fheidhmeannas Phádraig Uí Aoláin, an Pádraig céanna a d’oscail taispeántas don ealaíontóir bocht seo. Agus tá sé thar a bheith suntasach i scéal seo Ealaín na Gaeltachta go raibh príomhfheidhmeannach an Údaráis chomh lárnach ina bhunú. Léiriú é seo ar an ionad lárnach atá bainte amach anois ag an ealaín sa nGaeltacht.

Is í an chloch is mó ar mo phaidrín-se i láthair na huaire, an compántas drámaíochta Salamandar. Compántas a bhunaigh mé i 2006, agus a bhfuil sé d’aidhm aige an drámaíocht chomhaimseartha a chur chun cinn i gcomhthéacs Gaeltachta agus Gaeilge. Tá sé tábhachtach domsa go leanfadh tacaíocht Ealaín na Gaeltachta dom féin agus don chompántas.

Deirtear linn go bhfuil blianta ar an ngannchuid i ndán dúinn, agus go bhfuil faobhar á chur arís ar scian an státchórais agus í réidh le dhul ag feannadh. B’fhéidir go bhfuil lá an ealaíontóra bhoicht amach romhainn arís, ach tá mé dóchasach an iarraidh seo. Tá mé dóchasach mar go mbraithim nach bhfuil an t-ealaíontóir chomh himeallach is a bhí. Braithim go bhfuil áit níos lárnaí againn inár bpobal féin ar a laghad ar bith. Is fúinn féin a chinntiú go bhfanfaimid san ionad lárnach sin.”

Trí ionad físealaíne nua i dTír Chonaill

Osclaíodh trí ionad ealaíne nua i nGaeltacht Thír Chonaill i 2008, rud a chuirfidh go mór le hinfrastructúr agus leas na n-ealaíon sa cheantar.

D'aimsigh **Ceardlann na gCroisbhealach** foirgneamh nua ar phríomhshráid an Fhál Carrach. Rinneadh athchóiriú ar an bhfoirgneamh agus cruthaíodh, gailearaí físealaíne den scoth, stiúideo agus ceardlann oibre, mar aon le spás oifige.

Tá ionad úr eile tógtha ag **Cló Cheardlann na gCnoc**, i Mín an Leá, Gort a' Choirce. Luíonn an t-ionad seo i gcroílár na sléibhte, faoi scáth na hEaragaile. Tógadh ceardlanna, stiúideo agus seomraí oibre san fhoirgneamh, le trealamh agus feistis a fhreastalaíonn ar gach réimse de na físealaíona. Tá stiúideo liteagrafaíochta, stiúideo grianghrafadóireachta, stiúideo físealaíne, áislann meán cumarsáide agus ionad frámála san ionad agus cuirtear seomraí agus láthair oibre ar fáil d'ealaíontóirí cónaithe.

D'oscail **Lámh Inspioráide**, grúpa ealaíne agus ceardaíochta, ionad ealaíne nua i bhfoirgneamh ar shuíomh in Óstán na Cúirte, Gaoth Dobhair, an samhradh seo caite, áit ina bhfuil gailearaí mór, siopa ceardaíochta agus ealaíne, ceardlanna oibre, seomraí ranga agus stiúideo grianghrafadóireachta. Seisear ealaíontóirí atá i ngrúpa Lámha Inspioráide agus tá a stiúideó príobháideach féin ag gach duine acu. Ina measc tá ealaíontóir ceirmeach, potadóir, ealaíontóir gloine, déantóir píobaí uilleann agus grianghrafadóir.

Beidh sé ar gcumas acu seo ar fad cur leis an gclár leathan d'imeachtaí agus leis na seirbhísí ealaíne a chuireann siad ar fáil sa cheantar.

Faigheann Cló Cheardlann na gCnoc agus Ceardlann na gCroisbhealach tacaíocht rialta ó Ealaín na Gaeltachta. Fuair Lámha inspioráide tacaíocht urraíochta ó Ealaín na Gaeltachta don hlár imeachtaí atá á fhorbairt acu agus is le tacaíocht Údarás na Gaeltachta a d'éirigh leis na trí ghrúpa na foirgnimh a fhorbairt.

Leabhar nua Bheartla Broc

Tá leabhar nua eile á fhoilsiú le cur togra léitheoireachta Phléaráca! Leabhar dírithe ar eachtra eile de chuid Bheairtle Broic, 'Bon Voyage Beartla Broc' an t-ainm atá air. Beidh an leabhar ar fáil sna siopaí áitiúil roimh na Nollag. Bígí ag faire!!!

Fuint Focal i nGaoth Dobhair

Beidh an fhéile Litríochta do dhéagóirí Fuint Focal ag tarlú Mí Feabhra 2009 i nGaoth Dobhair. Cé go bhfuil an fhéile rathúil seo ar súil i gConamara le roinnt blianta socraíodh go mbeadh sé go maith nasc a chruthú le ceantair eile Gaeltachta. Deireadh seachtaine lán le Ceardlanna, cruthaíochta, siamsaíocht agus spraoi a bheidh's ann do dhéagóirí. Cuirfear lóistín ar fáil dóibh siúd a thugann an turas go Gaoth Dobhair orthu féin Tuilleadh eolais: Máire-Áine Ní Mháille, Pléaráca Teo.091-574882

Sean-nós beo ar an idirlíon

Seoladh suíomh idirlíne dírithe ar Amhránaíocht na nDéise, in Halla Colmán an tseachtain seo caite. Sé Ciarán Ó Gealbháin a stiúirigh na hoibre fad agus a bhí se fostaithe faoi choimirce Chomhlacht Forbartha na nDéise mar Amhránaí Cónaitheach sa cheantar. Le fáil ar an suíomh **www.seannosbeo.ie** gheobhair taifead ar amhránaithe an cheantair maraon le leagain éagsúla na bhfocal a bhaineann leo.

Maoiníodh an togra seo faoi Ealaín na Gaeltachta, Comhairle Cho. Phort Láirge agus Sceím DEIS na Comhairle Ealaíon

Amhráin agus Rannta do Pháistí

Leabhar nua gleoite, **Peigín Leitir Móir, Amhráin agus Rannta Traidisiúnta Gaeilge do pháistí**, cóirithe ag Tadhg Mac Dhonnagáin agus John Ryan, foilsithe ag Futa Fata le fáil sna siopaí anois! Tuilleadh eolais ó www.futafata.com

imeachtaí

An tIarthar

Ceolchoirm Nollag:
Amhráin, ceol traidisiúnta, filíocht agus scéalaíocht léirithe ag mic léinn an Dioplóma sna Dána (Cóiriú agus Stáitsiú an Cheoil Thraidisiúnta) faoi stiúir Dhiarmada de Faoite agus Charlie Lennon, Seanscoil Sailearna 8 i.n, 11 Nollaig; €5 an táille dorais, an tairgead ag dul chuig carthanacht.

Féile Chóilín Sheáin Dharach 30, 31 Eanáir agus 1 Feabhra 2009 — an fhéile bheag damhsa is mó ar domhan! Cuirfidh sí an ruaig ar ghruaim an gheimhridh le chuile chineál damhsa beo: damhsa ar an mbairille, damhsa ar an leathdhoras, agus damhsa ar spás ar bith eile atá ag imeacht. I mbliana déanfar ceiliúradh ar throid mhór John Pheaitín Tom i Madison Square Gardens, 1984, agus dár ndóigh leanfar den ghnáthsheisiúin amhránaíochta sean-nóis ar an Domhnach. www.damhsoir.ie

An Cearrbhach Mac Cába & Fiche Bliain ag Fás
Tá Fíbín, Amharclann Náisiúnta Puipeadóireachta na Gaeilge do Dhaoine Óga, an-ríméadach a bheith ag cur An Cearrbhach Mac Cába & Fiche Bliain ag Fás i láthair. Beidh deis ag na mic léinn atá i mbun staidéir, briseadh amach as srianta an tseomra ranga agus tuiscint níos leithne a fháil ar na saothair seo i bhfóram taitneamhach agus greannmhar. Is deis ar leith an léiriú seo do mhúinteoirí dearcadh agus meon a gcuid daltaí , i dtaobh na scéalta seo, a fhorbairt agus a leathnú. Beidh an léiriú 50 nóiméad seo ag dul ar camchuairt Mí Eanáir seo chugainn: tuilleadh eolais ó www.fibin.com

Áras Éanna: Ealaíon Inis Oírr – Taispeántas Ealaíne
Mhuintir an Oileáin, Nollaig 2008
Neil Smith (Ealaíontóir cónaithe)
Ceardlanna damhsa do dhaoine óga agus fásta Nollaig 2008 – Feabhra 2009

Éigse An Spidéil
5-8 Márta 2008 Féile Chultúrtha ilghnéitheach Phobail: ceolchoirm, taispeántais damhsa, seisiúin ceoil, ceardlanna, oíche filíochta, agus go leor eile. Eolas: 091/553124 caitrionanioibicin@eircom.net

An Deisceart

Éigse Dhiarmada Uí Shúilleabháin
5-7 Nollaig Cúil Aodha/Baile Bhuirne. Féile amhránaíochta, ceoil, agus ceardlanna do dhaoine óga nó aosta sa cheol, rince agus san amhránaíocht. Eolas: Eilís: 026 45236. Rachel: 026 45366. Nóirín: 066 26201. www.eigse.ie; eolas@eigse.ie

Scoil Cheoil an Earraigh.
18-22 Feabhra 2009 Corca Dhuibhne Ceardlanna agus imeachtaí ceoil: Eolas: www.scoilcheoil.com.

Aisling Gheal (scéim forbartha amhránaíochta Mhúscraí).
'Club Amhránaíochta'. An Satharn deireanach de gach mí i mBarr a Chuma. Bíonn aoi speisialta againn ar na hócáidí seo agus seans ag gach éinne canadh.

Ionad Cultúrtha Bhaile Bhuirne:
026-45733 ionadculturtha@eircom.net
Clár an Earraigh 2009
30 Eanáir: Ceolchoirm Thraidisiúnta le Fiona Kelleher (amhránaí), Richard Lucey (bosca ceoil), Ciarán Coughlan (pianó) agus Jim Murray (giotár).
11 Feabhra: Ceolchoirm Thraidisiúnta le Paddy Keenan (píopaí) agus Tommy O'Sullivan (giotár agus amhránaí).
27 Feabhra: Ceolchoirm Thraidisiúnta le Peadar Ó Riada (pianó, consairtín), John Kelly (fidil), Mick O'Connor (bosca) agus Aoife O'Connor (consairtín).
13 Márta: Oíche Amhránaíochta le Buaiteoirí Chorn Uí Riada thar na blianta.
27 Márta: Ceolchoirm Thraidisiúnta le Michelle O'Brien (fidil), Leonard Barry (píopaí) agus Gearóid Ó Duinnín (giotár).
30 Eanair-25 Feabhra: Bernice Corcoran
27 Feabhra -28 Aibreán: Peadar Ó Riada, John Kelly, Mick O'Connor agus Aoife O'Connor

IMEACHTAÍ EILE:
'Casadh Arís' – Tréimhse chónaitheach á déanamh ag Fearghus Ó Conchúir (córagrafóir comhaimseartha) agus Rachel Holstead (cumadóir comh-aimseartha) chun saothar idirdhisciplíneach a chruthú: rinceoirí comhaimseartha (Feargus agus Ríonach Ní Néill), ceol taifeadtha, ceol beo agus scannán le Chris Hurley. Beidh sé ar stáitse san Ionad Cultúrtha ar an 16 Eanáir 2009. Tabharfar é ar camchuairt go dtí an Rinn (18 Eanáir) agus go dtí an Daingean (20 Eanáir).
Ó Bhéal Guth Béal – scéim amhránaíochta/cumadóireachta comhaimseartha le Ger Wolfe agus seanóirí Ghaeltacht Mhúscraí.
Taispeántas Grianghraf:
Ó 2006 tá an grianghrafadóir Con Kelleher ag glacadh pictiúr de na ceoltóirí/ealaíontóirí a bhí ar stáitse san Ionad Cultúrtha le linn na tréimhse sin. Tá staidéar cuimsitheach déanta ag Con ar na ceoltóirí go léir seo tríd a cheamara agus an-tuisicnt aige ar spiorad an ealaíontóra. Saothar iontach do na rannpáirtithe agus don phobal in gcoitinne agus beidh sé á sheoladh i Mí an Mhárta 2009 – ag ócáid spéisialta ag a mbeidh roinnt de na ceoltóirí sa dornán seo ag casadh ceoil san Ionad Cultúrtha.

Féile Bríde
30 Eanáir – 1 Feabhra: An Díseart, An Daingean Dé hAoine. Léacht, seoladh leabhar, coirmcheoil, ceardlanna, beannú agus dáileadh na gcros agus na mbrat. Taispeántas agus beannú ealaíne agus ealaíontóirí.
Breis eolais le fáil ar www.ansagart.ie Ríomhphost: pof@ansagart.ie nó siofra@ansagart.ie
Guthán: 066 9150000

An Tuaisceart

Scoil Gheimhridh Frankie Kennedy:
27 Nollaig 2008 – Eanáir 2009.
Tá clár láidir d'imeachtaí ceoil, ceardlanna, seimineáir agus ceolchoirmeacha beartaithe don fhéile arís i mbliana. I measc na gceoltóirí a bheidh ar stáitse i mbliana tá ceoltóirí iomráiteacha ar nós: Frankie Gavin, Máirtín O' Connor, Tommy Peoples, Conall Ó Gráda, Maighréad Ní Mhaonaigh, Manus Lunny agus go leor eile. Breis eolais: www.frankiekennedy.com

Amharclann Nua oscailte i gCorca Dhuibhne

D'oscail ag an fear grinn agus Gael na Bliana, Des Bishop Amharclann nua Gaelach, Lab na Mainistreach Dé Sathairn, 29 Samhain, sa Daingean. Is é AnnÓg (Amharclann na nÓg), compántas drámaíochta do dhaoine óga atá lonnaithe i gCorca Dhuibhne le seacht mbliana anuas, atá tar éis na hamharclainne seo a fhorbairt. Sa tseomra eolaíochta in iar-Mheánscoil na mBráithre Chríostaí sa Daingean atá an amharclann lonnaithe agus is as san a thagann an t-ainm, "Lab na Mainistreach." Osclaíodh an amharclann le dráma léirithe ag AnnÓg agus é nua–scríofa dóibh ag Aodh Ó Domhnaill den dteideal, Raic.

Fís Áine Moynihan, Stiúrthóir Ealaíne AnnÓg, atá san amharclann nua seo agus is í a chuir i gcrích í i dteannta le mórán daoine eile a thug tacaíocht di. "Tá an amharclann seo chomh tábhachtach chun AnnÓg a fhorbairt sna todhchaí. Bhíomar riamh gan dídean ach as seo amach beimid neamhspleách agus beidh ionad dár gcuid féin againn do chleachtaithe, do cheardlanna agus do leirithe stáitse.' Is mian le hÁine buíochas a ghabháil leis na daoine agus leis na heagraíochtaí ar fad a chabhraigh chun an amharclann a chruthú, "Meitheal oibre atá laistiar don áit seo agus táim fíor-bhuíoch dóibh go léir. Buíochas faoi leith dár n-urraitheoirí – Ealaíon na Gaeltachta, Roinn na Gaeltachta agus Southbound Properties agus do Mheitheal Forbartha Chorca Dhuibhne, ach go háirithe na fir ar an Scéim Sóisialta Tuaithe a dhein oiread oibre laistigh den bhfoirgneamh. Gabhaim buíochas chomh maith leis na daoine go léir a thug tacaíocht don gcompántas le seacht mbliana anuas."

Cuireadh chun stáitse

Compántas Drámaíochta Moonfish – 'Namhaid an Phobail', le Henrik Ibsen

Tugtar cuireadh d'Aisteoirí proifisiúnta ón nGaeltacht, nó a bhfuil Gaeilge ar a dtoil acu, páirt a ghlacadh i gceardlann drámaíochta ar an 14 &15 Nollaig, chun forbairt a dhéanamh ar léiriú proifisiúnta den dráma 'Namhaid an Phobail' le Henrik Ibsen.

I mí an Mhárta 2009 cuirfidh an comhlacht Drámaíochta Moonfish, leagan Gaeilge den mhórdráma 'An Enemy of the People', le Henrik Ibsen, ar an stáitse i nGaillimh agus i mBaile Átha Cliath.

Cé nár léiríodh an dráma seo ó 1948 (i mBéarla ná i nGaeilge), tá na téamaí a ndéantar plé orthu sa dráma chomh hábhartha inniu is a bhí siad caoga bliain ó shin.

Insíonn 'Namhaid an Phobail' scéal an Dr Stockmann, a thagann ar ais lena chlann chun cónaithe sa bhaile beag inar rugadh é. Ach nuair a fhaigheann sé amach go bhfuil uisce an bhaile truaillithe, rud a d'fhéadfadh deireadh a chur le gnó turasóireachta an cheantair, caithfidh sé an cinneadh a dhéanamh an leanfaidh sé a phrionsabail fhéin, pé toradh a bheidh air...

Déanfar an dráma a chleachtadh i nGaeltacht Chonamara, agus é mar sprioc ag na comhléirithóirí cur leis na deiseanna fostaíochta d'aisteoirí proifisiúnta a bhfuil cónaí orthu sa Ghaeltacht, nó a bhfuil Gaeilge ar a dtoil acu. Maille le tacaíocht Éalaín na Gaeltachta, tá tacaíochta tugtha ag Ambasáid na hIorua, Business 2 Arts, agus Institiúd Amharclannaíochta na hÉireann don léiriú.

Léiriú corraitheach, nua-aimseartha, a chuirfear ar stáitse i nGailimh agus i mBaile Átha Cliath.

Tuilleadh eolais ar fáil ón suíomh moonfishtheatre@hotmail.com. Déanfar meastúchán ar na CVanna, agus romhnófar baill na ceardlainne ar an modh seo.

Áisitheoirí Ealaín na Gaeltachta

Connachta & Co. na Mí:
Muireann Ní Dhroighneáin
(091) 503220
m.nidhroighneain@udaras.ie

Mumhan:
Eibhlín de Paor
(066) 9150100/(026) 45366
e.depaor@udaras.ie

Tír Chonaill:
Micheál Mac Aoidh
(074) 9560100
m.macaoidh@udaras.ie

Feidhmeannach Forbartha:
Mícheál Ó Fearraigh
(074) 9560100
m.fearraigh@udaras.ie

Coinnígí súil amach do ríomhlitir mhíosúil Ealaín na Gaeltachta i gcomhair nuachta, deiseanna maoinithe, agus imeachtaí ealaíne náisiúnta agus idirnáisiúnta. Ná dearmadaigí teagmháil a dhéanamh linn ag **ealain@udaras.ie** má tá aon bhlúirín eolais agaibh ar mhaith libh a fhógairt, nó má tá aon chomhairle uaibh maidir le tionscnamh ealaíne a fhorbairt sa Ghaeltacht.

Ba mhaith linn buíochas a ghabháil libh as bhur gcuid tacaíochta agus as bhur nuaichta ar imeachtaí ealaíone a roinnt linna, agus muid ag druidim i dtreo dheireadh na bliana.

Nollaig mhór mhaith agaibh agus guíonn Ealaín na Gaeltachta gach rath oraibh i 2009!

ealaín
EALAÍN NA GAELTACHTA TEORANTA

arts council ealaíon

Údarás na Gaeltachta